

### Fás an Chraoibhín

Tóibín, Feena

Veröffentlichungsversion / Published Version

Zeitschriftenartikel / journal article

**Empfohlene Zitierung / Suggested Citation:**

Tóibín, F. (2018). Fás an Chraoibhín. *Studies in Arts and Humanities*, 4(1), 73-79. <https://doi.org/10.18193/sah.v4i1.126>

**Nutzungsbedingungen:**

Dieser Text wird unter einer CC BY-NC-ND Lizenz (Namensnennung-Nicht-kommerziell-Keine Bearbeitung) zur Verfügung gestellt. Nähere Auskünfte zu den CC-Lizenzen finden Sie hier:

<https://creativecommons.org/licenses/by-nc-nd/4.0/deed.de>

**Terms of use:**

This document is made available under a CC BY-NC-ND Licence (Attribution-Non Commercial-NoDerivatives). For more information see:

<https://creativecommons.org/licenses/by-nc-nd/4.0>

## Fás an Chraoibhín

**Feena Tóibín**

Mac léinn dochtúireachta,  
Roinn na NuaGhaeilge, Coláiste na hOllscoile Corcaigh,  
Corcaigh, Éire

© Feena Tóibín. This work is licensed under the Creative Commons Attribution-NonCommercial-NoDerivatives 4.0 International License. To view a copy of this license, visit <http://creativecommons.org/licenses/by-nc-nd/4.0/>.

### Achoimre

*Do bhí Dubhghlas de hÍde mar chuid de mhionlach in Éirinn agus é ag fás aníos mar fhear óg Protastúnach. Ach shocraigh sé dul leis an nGaeilge, teanga a bhain go traidisiúnta go príomha le Caitlicigh na hÉireann agus leis an ísealaicme. Níor tógadh le Gaeilge é ach lean sé air ag plé léi agus ag cur chun cinn na teangan ach cén fáth?*

*Is trí shúil a chaitheamh ar a chín lae ón luaththréimhse seo ina shaol spéisiúil is féidir tuiscint a fháil ar na cúiseanna gur thug sé fé seo. Rugadh de hÍde in 1860 agus chuaigh sé i mbun pinn in 1874 agus é 14 bliain d'aois. Is í an tréimhse sin ina shaol nuair a bhí sé ina chónaí sa bhaile i nDún Gar i gContae Ros Comáin a bheidh fé chaibidil san alt seo - an tréimhse réamhChraoibhíneach, d'fhéadfá a rá.*

*An rud atá i gceist leis an dteideal ná an t-ainm cleite a thug sé air féin 'An Craoibhín Aoibhinn' agus imeartas focal maidir leis an mbrí atá leis an ainm úd.*

*Dubhghlas de hÍde was part of the Protestant minority in Ireland during his youth. Despite this he decided to master Irish, a language typically associated with Irish Catholics of the lower classes. He was not brought up with Irish but went on to spend his life promoting the language – what led him to this?*

*Through analysis of his diaries in the earlier part of his life an understanding can be gained of the reasons for this. De hÍde was born in 1860 and he began writing his diary in 1874, aged 14. The article will discuss this early period of his life which he spent in Frenchpark in County Roscommon – the pre-'Craoibhín' period you could call it!*

*The title refers to his self-appointed pen-name 'An Craoibhín Aoibhinn' (The Delightful Little Branch) and contains a pun on the meaning of this name.*

*Keywords: Irish language; Cultural identity; Nationalism; Hyde, Douglas, 1860-1949; Protestantism*

### Réamhrá

Gan amhras is duine é Dubhghlas de hÍde a bhfuil ainm in airde air mar scríbhneoir, scoláire agus teangeolaí. Mhair sé idir 1860 agus 1949 agus ar ndóigh ba é a ceapadh mar chéad uachtarán na hÉireann in 1938.

Bhí Dubhghlas de hÍde ina bhunaitheoir ar Chonradh na Gaeilge agus bhí sé ina uachtarán ar an eagraíocht ar feadh níos mó ná scór bliain. D'oibrigh sé go crua chun an Ghaeilge a chur chun cinn in Éirinn agus thar lear agus bhí sé ar dhuine de na daoine ba larnaí in athbheochan na teangan.

Níor bheag an spreagadh a thug sé do dhaoine maidir le hÉireannachas, agus seans fiú, Náisiúnachas, go háirithe lena chaint ‘The Necessity for De-anglicizing Ireland’.<sup>1</sup> Is mór an inspioráid a thug a shaothar litríochta féin agus a chuid oibre mar bhailitheoir d’ealaíontóirí eile cosúil le WB Yeats, rud a chabhraigh go mór le hathbheochan na litríochta Béarla leis.

Mar sin cad as a tháinig a spreagadh pearsanta? Cad a thug ar Phrotastúnach agus mac ministir, dul i dtreo na teanga gus a caomhnaithe?

### Na Dialanna

Tá dialanna Dhubhghlas de hÍde mar chuid de bhailiúchán na Leabharlainne Náisiúnta (MS G1036-1048).<sup>2</sup> Tá trí dhialann déag as Gaeilge ann a scríobh sé idir 1874 is 1912. Tá fuíollach ábhar iontu agus tugann siad léargas an-mhaith ar de hÍde mar dhuine óg agus ar an bhforbairt a tháinig air ar go leor slite, ní hamháin ó thaobh na Gaeilge de.

## Aistear de hÍde

Do bhí sé féin is a mhuintir ina gcónaí i dtigh gléibe i nDún Gar agus é ina ógánach. Ceathrar a bhí sa chlann; a dheartháireacha Arthur agus Oldfield, Dubhghlas é féin ansin ar an dtriú duine acu agus a dheirfiúr Annette, 5 bliana níos óige ná é.

Níor shona an saol teaghlach a bhí acu i gcónaí toisc go mbíodh an t-athair, a bhí ina mhinistir de chuid Eaglais na hÉireann, ag ól go trom agus cantalach leis. Theastaigh uaidh go mbeadh a mhic ina ministrí cosúil leis féin ach ní mar sin a tharla. Do chuir taomanna tinnis isteach ar an máthair le linn a saoil agus is minic í sa leaba breoite le plúchadh agus nithe eile ag cur as di.

In ainneoin na ndeacrachtaí seo, thuig de hÍde go bhféadfaí tú féin a chur chun cinn le do chultúr agus le do theanga, go bhféadfadh na nithe san aitheantas a thabhairt duit. Seans gur mar gheall ar an easpa bá a bhí aige lena athair gur chuir sé roimhe rud iomlán éagsúil a dhéanamh.

Thosaigh sé ag scríobh a chéad dialann<sup>3</sup> ar an 21 Feabhra 1874, i mBéarla ar dtús ach thosaigh sé ag scríobh go foghrúil i nGaeilge tamall ina dhiaidh sin. Is ó mhuintir na háite a phioc sé suas an teanga. De réir dhaonáireamh 1861 do bhí 5,735 cainteoir Gaeilge sa cheantar agus is dócha go raibh an tsuim sin laghdaithe fén dtráth gur thosaigh de hÍde á foghlaim.

Is ar an 28 Márta 1874 a scríobh sé a chéad iontráil i nGaeilge. ‘Thoine Moisther war shane a l’oure ulk de Arthure oge.’<sup>4</sup>

Anois tá roinnt tuairimíochta maidir leis an mbrí atá leis seo. Is cinnte gurb é an máistir an t-athair mar bíonn sé ag tagairt dó mar seo sna dialanna síos tríd. Is dócha gurb é seo an nós a bhí ag oibríthe an tí. Deir Risteard Ó Glaisne ina leabhar *Douglas Hyde Here in Roscommon* gurb é ‘Tá an Máistir ‘ár séanadh a labhair olc de Artúr Óg’<sup>5</sup> atá i gceist leis an abairt seo, ach is deacair a rá go cinnte.

<sup>1</sup>Curtha i láthair in Cumann Litríochta na hÉireann i mBaile Átha Cliath, 25 Samhain 1892.

<sup>2</sup>Dubhghlas de hÍde, Dialanna Pearsanta, MS G1036-1048. In: Douglas Hyde Papers, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath.

<sup>3</sup>Dubhghlas de hÍde, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, MS G1036.

<sup>4</sup>de hÍde, MS G1036, 3.

<sup>5</sup>Risteard Ó Glaisne, *Douglas Hyde Here in Roscommon*, (Boyle: Roscommon County Council), 8.

Lean de hÍde air ansin ag baint úsáide as an nGaeilge bhunúsach fhoghrúil ina chuid iontrálacha. Mar shampla ar an 24 Iúil 1874 scríobh sé; ‘Lour-mae gaeliklish a Rork.’<sup>6</sup>

‘Labhair mé Gaeilge leis O’ Rourke’.

Oibrí feirme a bhí san fhear seo, agus is ó mhuintir na háite amháin a fuair de hÍde a chuid Gaeilge sa luaththréimhse seo. Luaigh sé roinnt daoine a bhí ag labhairt leis, go háirithe Séamas Harte, fear áitiúil a chabhraigh go mór leis. Tá an tionchar a bhí aige air aitheanta go fairsing ach fuair seisean bás i mí na Nollag 1875, níos lú ná dhá bhliain tar éis do de hÍde tús a chur leis na dialanna. Ní raibh Gaeilge ag muintir de hÍde ach lean sé air lena iarrachtaí pé scéal é agus bhí níos mó á scríobh as Gaeilge aige de réir a chéile. Mar shampla ar an 29 Meitheamh 1875, is é seo an cur síos a dheim sé ar a lá;

‘Drimmim-mé ig a Ballagh agus thoga-me buska lé dó galloon eeisque buach agus a cossoge aedrum a Arthure, o tyoch na station.’<sup>7</sup>

‘D’imigh mé ’ig a’Ballagh[derreen] agus thóg mé bosca le dhá ghalún uisce beatha agus an casóig éadrom aArtúr ó theach na station.’

Is mar sin a lean sé air leis an gcódmheascadh go ceann tamaill eile.

Léirigh sé go raibh fonn air a chuid Gaeilge a fheabhsú ar an 10 Bealtaine 1876; ‘fuair mé er e easacht foclóir gaoidelge as Drumcilla.’<sup>8</sup> ‘Fuair mé ar iasacht foclóir Gaeilge as Drum Cille.’ Seo an áit ina raibh deirfiúracha a athar ina gcónaí.

Mar sin do thosaigh sé ag cur lena stór leabhar. Thapaigh sé gach deis chun an Ghaeilge a labhairt freisin, mar is féidir a fheiscint ar an 20 Meitheamh 1876; ‘La an teth danic fear na ainim Heanlon annseo agus labhair me Gaodeilg leis.’<sup>9</sup> ‘Lá an-te tháinig fear an ainm Hanlon anseo agus labhair mé Gaeilge leis.’

Ar thuras timpeall na tíre ar 6 Meán Fómhair 1876, scríobh sé;

‘dimthigh sinn air a chosta mor fada go Letterfrac deig mile fiththead ann sin chonnaire scolmaighistir 7 múin me gaodheilg uadh agus cean me leabha uad.’<sup>10</sup>

‘D’imigh sinn ar an chósta mór fada go Leitir Fraic deich míle fichid ansin chonac scoilmháistir agus mhúin mé Gaeilge uaidh agus cheannaigh mé leabhar uaidh.’

Ar an 25 Nollaig 1876 mhínigh sé; ‘Lá na Nodlag. bhi me suas óig a lá. fúair mé bronntanusa. Biobla Gaoideilge agus Stair na heaglaise na hEirionn.’<sup>11</sup> ‘Lá na Nollag bhí mé suas óg sa lá. Fuair mé bronntanais. Bíobla Gaeilge agus Stair Eaglais na hÉireann.’

Sa chéad dialann go háirithe is mar seo a bhí an Ghaeilge aige, ina pidsean de shaghas go fóill agus gan an litriú ná an chomhréir a bheith róchruinn.

Is aige baile a mhair sé le linn a dhéaga. Ní dheachaigh sé chuig aon scoil fhoirmiúil ach amháin tréimhse deich lá nó mar sin i mBaile Átha Cliath. Tháinig an bhrúitíneach air agus d’fhill sé abhaile. Measann Diarmuid Coffey gur leis seo a sheachain sé an galldachas agus seo a bhí le rá aige fé:

‘We probably have to thank the attack of measles for much that is admirable in Hyde, because it sent him back to Roscommon and prevented his becoming as Anglicised as most Dublin schoolboys ... We cannot allow a measles germ to claim any important share in the formation

<sup>6</sup>de hÍde, MS G1036, 27.

<sup>7</sup>de hÍde, MS G1036, 69.

<sup>8</sup>de hÍde, MS G1036, 95.

<sup>9</sup>de hÍde, MS G1036, 97.

<sup>10</sup>de hÍde, MS G1036, 102.

<sup>11</sup>de hÍde, MS G1036, 117.

of the Gaelic League, though to many of its enemies the rapid spread of the League throughout Ireland must have appeared like the spread of an infectious disease.’<sup>12</sup>

Sa bhliain 1877, dhírigh sé go mór ar an dteanga a shealbhú agus luann sé tuilleadh iarrachtaí.

Ar an 19 Feabhra 1877;

‘Do righne me Gaoideilg mar an gceadna agus is beag nach ndéanam gaoideilg gác lá, ach corruair ní dheunam morán de.’<sup>13</sup>

‘Do rinne mé Gaeilge mar an gcéanna agus is beag nach ndéanaim Gaeilge gach lá, ach corruair ní dhéanaim morán de.’

Is fiú a aithint ag an bpointe seo nach raibh aon chabhair aige leis an bhfoghlaím, is rud féinriartha a bhí ann ar fad. Cé go raibh roinnt compánach aige sa cheantar a labhair leis, Séamus Harte an duine a d’aithin sé níos déanaí mar mhórtionchar air ina measc, ní raibh aon ranganna d’aon saghas ar siúl aige, nó cairde go raibh an spéis chéanna acu is a bhí aige.

Luaigh sé leis gur thosaigh sé ag cumadh ag an am seo ar an 13 Bealtaine 1877; ‘Scriobh me abhran Gaoideilg.’<sup>14</sup>Ní rud nua ar fad é seo mar fiú ina chéad dialann bhreac sé síos a lán rannta a chuala sé go háitiúil agus tá a chuid iarrachtaí fileata ann leis.

Le linn na tréimhse seo agus é in aois 18 bliain do chuir sé aithne ar dhuine a chabhródh leis uaidh sin amach. Thomas O’Neill Russell a bhí ann. Fear gnó a bhí ann a thaistil idir Éirinn agus Meiriceá. Ba dhíograiseoir é ar son na teanga agus bhí sé sásta tacú le de hÍde. Thug sé cuireadh do de hÍde am a chaitheamh leis san Acadamh Ríoga agus é i mBaile Átha Cliath. Is trí bhualadh leis a chuir de hÍde aithne ar an Uasal Mangan, stiúrthóir an Acadaimh agus ar J.J. McSweeney a bhí mar leabharlannaí ann.

Gan amhras bhí sprioc acu The Society for the Preservation of Irish a chur chun cinn.

Ar an 9 Iúil 1877,<sup>15</sup> scríobh sé;

‘Fuair me litir ande o Mr Russell an duine uasal a chonnaic me a mBaile ath cliath, dubairt se liom go mbeith se buideach dom má bhi me abalta airgiod fhaghail airson a gcomann. bhi an litir scríobhta ann Gg 7 litreachaib Gg ann.’

agus ar an 10 Iúil 1877 seo mar a bhí:

‘Dfregair me litir Mr Russell comh maith le bhi me abalta, ann Gg mar an gceadna’<sup>16</sup>

‘Fuair mé litir inné ó Mr Russell an duine uasal a chonaic mé i mBaile Átha Cliath, dúirt sé liom go mbeadh sé buíoch dom má bhí mé ábalta airgead a fháil ar son a gcumann. Bhí an litir scríofa i nGaeilge agus litreacha Gaeilge ann. D’fhreagair mé litir Mr Russell chomh maith le bhí mé ábalta, i nGaeilge mar an gcéanna.’

Is dócha gurb é seo an chéad uair go raibh deis aige nó go mba ghá dó rud oifigiúil a scríobh i nGaeilge agus is léiriú é ar a theacht chun cinn i saol na Gaeilge.

Anois an chéad rud eile ná gur ghlac sé céim mhór eile chun tosaigh. Fuair sé amach go raibh ceant leabhar Sheáin Uí Dhálaigh le bheith ar siúl i mBaile Átha Cliath i Mí Lúnasa 1878. Bhronn a athair airgead air le dul ann agus chaith sé trí lá sa phríomhchathair ar dtús ag scrúdú na leabhar agus na lámhscríbhinní agus ansin á gceannach. Chuaigh sé abhaile le beart mór dos na nithe seo a thug lón staidéir dó go ceann tamaill fhada ina dhiaidh. Thuig sé an tábhacht a bhí leo.

<sup>12</sup>Diarmuid Ó Cobhthaigh, *Douglas Hyde*, (Dublin and London, Maunsel & Co., Ltd., 1917), 8.

<sup>13</sup>de hÍde, MS G1037, February 20.

<sup>14</sup>de hÍde, MS G1037, May 11.

<sup>15</sup>Socraíodh ón bpointe seo nach raibh gá le trasscríobh agus a chuid Gaeilge ag imeacht i rialtacht.

<sup>16</sup>de hÍde, MG G1037, July 10.

Na míonna ina dhiaidh sin tá a lán tagairtí dá chnuasach nua. Ar an 19 Deireadh Fómhair 1878; ‘Do sgrudaigh me mo MSS gaedheilge.’<sup>17</sup> Ar an 28 Deireadh Fómhair 1878; léigh me cuid do MS gaedheilge 7 stuidéar me na modha gear sgríobhadh .7. na focla 'contracta' an-grammar Ua Donabháin. Is é sin an leabar breágh. Rinneas coiséime móra ann san m-bealach sin.’<sup>18</sup>

Is é an leabhar A Grammar of the Irish Language le Seán Ó Donnabháin atá i gceist aige anseo. Is cinnte gur thosaigh na nodanna sa tseanchló ag teacht isteach go tiubh ina chuid scríbhneoireachta díreach ag an am seo. D’imigh sé ón gcló Romhánach agus thug sé féin seanchló a úsáid don gcuid is mó sna dialanna.

Níl an chuma ar an scéal go raibh a mhuintir i gcoinne a shuime ar fad mar do bronnadh leabhair Ghaeilge air ag an Nollaig agus mar sin de. Seo eachtra beag a tharla lena athair ar an 1 Samhain 1878 a léiríonn a mheon siúd ina leith;

‘Fuair me litir arrú andé o fear a Sacsanaidh Ollamh dhiadhachta darbh ainim Mr Welland a ttaoibh misi d'eirighe mo fhear seanmorachta dona daoibh dubha coigcriocha 7 d'innis se dam go mba hé a chomhairlesion dul tré TCD no coláiste éigin a Sacsan acht nuair d'inis me don gobhonor é se dubhairt se dammudh go deo air TCD féuch rinne se biothamnach ainmhianach do O 7 fear gan chreideamh do Artúr 7 ní leigfe me tre colaiste air bith thu. Bi do sheanmóroir dad bráithrib Gaedheilge.’<sup>19</sup>

Cé go bhfuil sé ag caitheamh anuas uirthi anseo, ní bhaineann an drochmheas don nGaeilge ach leis an easpa spéise atá ann i measc a chlann mac sa mhinistéireacht. Is dóigh liom gur mar gheall ar an easpa tacaíochta a thug sé dá mhic i gcoitinne nár theastaigh uathu dul i dtreo a ghairme.

Níor cuireadh aon bhac ar Dhubhghlas de réir dealraimh, mar a léirigh sé ar an 16 Lúnasa 1879; ‘ní stuideirím morán 7 acht cum me dán gaedilge fada anium, 7 rinneas cuid mhaith abhrán 'nna mí so cuaidh tart.’<sup>20</sup>

Fiú agus é buailte leis an dtinneas súl a chuir as dó go han-mhinic ar feadh a shaoil lean sé air. Cítear anseo an teannas a bhí sa tigh chomh maith.

Seo mar a bhreac sé síos ar an 29 Feabhra 1880;

‘Tá mo shuile air an riocht donna céadna, ní thig liom níos mo na atimcioll ceithre uaire no ceithre go leith léigheadh annsan lá leó, agus leis sin ní thig liom leigheadh le solas coineall cor air bith. Caithim mar sin mo trathnónaidh o cuaidh Annette uainn, 7 mar nach dtig liom cárdaidh imirt, ag cur asteach le taos tais piosaidh éugsamhla Gaédheilge do gearras as na páipúraibh anull sanall, a leabhar bán do fuaras i mBlacliath. Is beannach tmórmór é go bhfannannan Mr. uainn go coitcion, bhi se co feargach linn mar ngeall air an sgiúirseadh fuair se uainn lá ceana, 7 ní ólainn se níos mo na cuig glainidhe.’<sup>21</sup>

Is minic a bhí raic sa tigh maidir le holachán an athar agus mar sin is dóigh gur bhealach éalaithe a bhí sna leabhair do de hÍde, go raibh sé in ann dul i bhfolach i ndomhain na n-amhrán is na scéalta is na ndánta agus gan a bheith ag plé leis an ‘Gobharnór’.

Fuair sé dea-scéal ansin ó Mheiriceá, agus is anseo atá an chéad tagairt sna dialanna dá ainm cáiliúil cleite, An CraoibhinAoibhin.

Ar an 9 Márta 1880;

<sup>17</sup>de hÍde, MS G1038, 30.

<sup>18</sup>de hÍde, MS G1038, 32.

<sup>19</sup>de hÍde, MS G1038, 33.

<sup>20</sup>de hÍde, MS G1038, 117.

<sup>21</sup>de hÍde, MS G1038, 154.

‘Cuir Ruiseul o America paipéur cugam ann a bhí litir do sgríobh sé féin a taobh m'abhrána Gaedeilge annsan Eirionach 7 dubhairt se ann gur an maith mo dánta go hairidhe an "Éisd liom a óighir." 7 ag rádh go raibh an"Craoibhin Aoibhin" an sgríobneór is fearr bhi aca an-Gaedeilg aníúmh 7 gur aithnigh se féin me 7 go raibh se leithideach mar ngeall air acht nach n-ineósfadh sé m'ainim 7 mórán moladh eile, Acht ann san ppaipéur bhi litir o fear eile a nGaedhlige a tabhairt sgiursadh maith dam mar ngeall air salchair 7 gáirrseamhlacht m'abhráin deighionaigh’<sup>22</sup>

Is ag deireadh na bliana sin a thug sé faoi scoláireacht a fháil do Choláiste na Tríonóide, ar an 28 Meitheamh 1880;

‘CHUAIDH LE SEASAMH EXAMSA G-COLÁISDE A N-GAEDHEILG. chuaidh me asteach ag deich o cloig 7 fuair me páipéur le fiththead ceisdeannaibh air, Bhi me dá uair 'g a léughadh, 7 dádheunamh, Cuaidh me amach annsin aris le h-uair 7 Bhi páipéur eile agam le deunamh 7 ni raibh se cruaidh, acht bhi an céad cheann an chruaidh. D'fhéuch me na ceisteanu uile air an céadbpaipéur 7 rinneas an chuid is mó aca saoilim, 7 mar bhi me co maith d'iarr an Professor orm cuid do'n paipéur na ranga meadhonach fós do deunadh 7 rinneas sin do. Bhi me an tuirseach nuair tháinic me amach mar saoilim go rabhas ceithre uaire beag nach ann san halla. dubairt an Professor Gudman liom go bhfuigfin duais.’<sup>23</sup>

D'éirigh leis gan amhras agus ansin, cé go raibh sé mar mhac léinn TCD, do chaith sé an dá bhliain ina dhiaidh ag maireachtaint sa bhaile go fóill. ‘Steam-packet degree course’ an t-ainm a bhí ar an socrú seo agus bhí air imeacht go Baile Átha Cliath ag deireadh gach téarma le scrúduithe a dhéanamh.

Is é James Goodman, an píobaire agus bailitheoir ceoil clúiteach a bhí mar léachtóir le Gaeilge ag TCD ag an am úd. D'éirigh sé féin is de hÍde mór le chéile. An bhliain dar gcionn, do thug sé an cur síos seo air ar an 17 Bealtaine 1881;

‘Chuaidh go teach Ghudmann ag an g-col-áisde agus bhi sé astigh 7 thosaigheamar ag caint agus thug se amach a MSS 7c 7 thaisbeán se dam iad 7 a phiobaidhe mar budh breagh an fear imirte air na píopaibh é 7 budh bhreagh an fear le cruinneaghadh ceoil 7c, agus bhi a lán de MSS aige 7 taisbeán sé iad agus a leabracha tearca dam 7 léigh se 7 labhair se a lán agus bhi sé an charthanach agus air dheire a dubhairt sé go bhfuair me an sgoiláireacht Gadheilge 7 chuaidh se liom go teach na Cuideachta sin a Sráid Saccbhíll mar a bhfuaras uaidh da leabhar urnaighthe, Chuaidh sin ann sin go Párc Naomh Stepháin 7 shiúbhalar a lán annsin annso ag labhairt Gaedheilge le chéile, agus ar ais cum na Coláiste annsin linn nuair d'fhágas é.’<sup>24</sup>

An mhí chéanna, dhein sé cur síos gan mórán dóchais ann ar chruinniú a bhí ag an Society for the Preservation of Irish ar an 10 Bealtaine 1881;

‘chuaidh me don Accadami 7 annsin go di an pairc na Coláiste a breathnughadh air críchet a biadar ag imirt agus ann sin go 9 Sráid Cilledara mar a raibh an Cuideacht cum an Gaedheilge do choimheud air na g-cruinniughadh. Ni raibh acht trí cinn ann, agus Mac Suibhne 7 fear a tigh 7 mé féin, sé cinn go hiomlán. Ni raibh se spéiseamhail. Bhi said uile cuirtéiseach damhsa 7 tugadhar lustar dam.’<sup>25</sup>

Tá a chuid spéise i ndaoine eile le braith ar an gcúpla iontráil seo, ón am a chaith sé i dteannta a dhearthár Oldfield a bhí ag obair mar oifigeach san airm i dTír Chonaill. Tá na préamhacha anseo den dtiomántas a spreag é chun an Conradh a bhunú.

<sup>22</sup>de hÍde, MS G1038, 156.

<sup>23</sup>de hÍde, MS G1038, 172.

<sup>24</sup>de hÍde, MS G1039, 65.

<sup>25</sup>de hÍde, MS G1039, 61.

Ar an 9 Iúil 1881, in Inis Eonáin; ‘Bhi Gaedheilg aca "lig"(uile) annsan áit seó, 7 so-thuighthe go leór. Bhi peeler óg o Thíreóghan do labhair Gaedheilg go maith.’<sup>26</sup>

Agus ar an 13 Iúil 1881; ‘Níl mórán Gaedheilg aca a Máilin 7 amháin ag cuid dona seandhaoinibh.’<sup>27</sup>

Agus é ar ais sa bhaile, thug sé faoin mbailiúchán arís. Feictear dúinn anseo arís go bhfuil sé i dul i dtreo a chéad chúpla leabhar scéalaíochta agus amhrán.

Scríobh sé ar an 22 Iúil 1881; ‘Bhi an seanpiobaire Green annso. Sheinn sé a lán, 7sgriobh me sios cúpla abrán Gaedheilge ag a dheachtadh-san.’<sup>28</sup>

Ar an iomlán anseo, níl ann ach leideanna den méid a bhainfeadh sé amach ina dhiaidh sin. Is léir gur duine fé leith a bhí ann a bhí dírithe ar an rud a theastaigh uaidh a dhéanamh. Is spéisiúil an fhorbairt a tháinig air sa tréimhse seo fiú óna iarrachtaí luatha leis an dteanga a scríobh go dtí go raibh duaiseanna á mbronnadh air dá chuid Gaeilge laistigh de 6 bliana. Scoláire den scoth a bhí ann gan amhras, agus bhí tuilleadh le teacht nuair a tháinig sé chun cónaí i mBaile Átha Cliath.

---

<sup>26</sup>de hÍde, MS G1039, 82.

<sup>27</sup>de hÍde, MS G1039, 84.

<sup>28</sup>de hÍde, MS G1039, 90.